# AN COIMISIÚN LE RINCÍ GAELACHA.

## RIALACHA.

LE FEIDHM Ó 1 LÚNASA, 1967.

1. Chun go gclárófar comórtas nó comórtaisí rince leis an Choimisiún caithfear iarratas ar clárú a chur chuig an Choimisiún in am tráth roimhré maraon le clár na gComórtas. Má ghlacann an Coimisiún leis an iarratas caithfidh lucht riartha na gComórtas glacadh le leasú ar bith a dhéanfaidh an coimisiún ar an gclár agus táille chláraithe a shocróidh an Coimisiún a íoc.

2. Ní bheidh cead ag lucht riartha Comórtais a bheith cláraithe leis an Choimisiún éinne a cheapadh mar Mholtóir ar an gComórtas san ach duine a bhéas cláraithe mar Mholtóir leis an Choimisiún de thuras na huaire.

3. Ní bheidh cead ag lucht riartha comórtais cláraithe iarratasisí a ghlacadh ach mar leanas:-
   (1) ar Chomórtaisí Rince Aonair - ó dhaoine a bhéas cláraithe de thuras na huaire leis an Choimisiún mar Mhúinteoirí Rince (T.C.R.G.) nó mar Múinteoirí Sealadacha.
   (2) Ar Chomórtáisí Rince Fóirne: - ó dhaoine a bhéas cláraithe de thuras na huaire leis an Choimisiún mar Mhúinteoirí Rince (T.C.R.G.), Múinteoirí Sealadacha nó Múinteoirí Rince Fóirne.

   Féadfar a shocrú, áfach, go mbeidh cead iomaíochta i gcomórtaisí rince céilí ag craobhacha de Chonradh na Gaeilge nó ag Cumainn eile a mbeidh an Coimisiún sásta glacadh leo gan múinteoirí cláraithe a bheith acu.

4. Ní bhéidh cead ag lucht riartha comórtais cláraithe comórtaisí a ghrádú ach mar leanas:-

   <u>BUN-GHRÁD:</u> Teoranta do dhaltaí nár bhuaidh an chéad duais riamh i gComórtas ar bith faoi teorainnaoise ar bith le haghaidh an rince luaite don chomórtas.
   <u>MEÁN-GHRÁD:</u> Teoranta do dhaltaí nár bhuaidh an céad duais riamh i gcomórtas ar bith (<u>lasmuigh den bhun-ghrád</u>) faoi teoranta aoise ar bith le haghaidh an rince luaite don chomórtas.
   <u>ARD-GHRÁD:</u> Foscailte do dhaltaí is cuma cad iad na duaiseanna atá buaite acu.

5. Ní bheidh cead glacadh mar iomathóir le duine ar bith atá nó a bhí raimh cláraithe leis an Choimisiún mar Mhúinteoir Rince (T.C.R.G.) nó mar Mholtóir, nó le duine atá cláraithe de thuras na huaire leis an Choimisiún mar Mhúinteoir Sealadach.

6. Is ag Oireachtas an Rince, faoi stiúir an Choimisiúin, a bhronnfar Craobh na hÉireann i ngach grád sna Rincí Gaelacha. Is ag Oireachtas an Rince Chúige nó ag Feis Chúige faoi stiúir Chonradh na Gaeilge a bhronnfar Craobh Chúige. Is ag Feis chláraithe de chuid Chonradh na Gaeilge a bhronnfar Craobh limistéir ar bith is lú ná Cúige ach cead an Choimisiúin chuige a bheith fachta roimhré.

7. Duine ar bith ar mhian leis bheith cláraithe leis an Choimisiún mar Mholtóir nó már Mhúinteoir caithfidh sé/sí, sa chéad áit, iarratas scríofa a chuir chuig an Choimisiún. Má ghlactar leis an iarratas caithfidh an t-iarrthóir an Coimisiún a shásamh go bhfuil na cáiliochta riachtanacha aige. Duine go n-eiríonn leis é sin a dhéanamh clárófar é/í an chéad lá d'Eanair nó an chéad lá d'Iúil díreach ina dhiaidh, pé dáta acu is túisce. Beidh deireadh leis an gclárú san an t-aonú lá tríocha de Mí na Nollag na bliana céanna.

8. Duine ar bith a chláraítear uair amháin leis an Choimisiún beidh cead aige athchlárú a iarraidh bliain ar bith. Caithfidh sé iarratas a chuir chuig an Choimisiún an chéad lá de Mhí na Samhna ar a dhéanaí i gcóir cláraithe ón chéad lá d'Éanair na bliana ina dhiaidh sin, nó an chéad lá de Mheitheamh ar a dhéanaí i gcóir cláraithe ón chéad lá d'Iúil na bliana céanna. Má ghlactar leis an iarratas clárófar an t-iarratóir ar íoc táille dhó a shocróidh an Coimisiún.

9. Féadfaidh an Coimisiún uair ar bith clárú mar Mhúinteoir nó mar Mholtóir a dhiúltú do dhuine ar bith nó deireadh a chur le clárú Múinteora nó Moltóra, gan cúis a luadh.

10. Ní bheidh cead ag Múinteoir ná ag Moltóir cláraithe páirt ar bith a ghlacadh i gcomórtas rince nó iarrataisí a chur isteach ar Chomórtas rince ná beidh cláraithe leis an Choimisiún.

11. Mura bhfaigheann sé cead an Choimisiúin chuige roimhré, ní bheidh cead ag Moltóir ná ag Múinteoir cláraithe páirt ar bith a ghlacadh i múineadh ná i moltóireacht ná i riaradh rince ar bith seachas rince Gaelach, ná ní bheidh cead aige bheith páirteach i gcomórtas ná i dtaispeántas rince dá shaghas.

12. Ní bheidh cead ag Moltóir ná ag Múinteoir cláraithe taispeántas rince Gaelaigh a thabhairt ná a sholáthar ag

tabhairt amach ar bith i gCúige Uladh ná i gContae Lubhaí seachas seachas tabhairt amach faoi choimirce Chonradh na Gaeilge, mura bhfaigheann sé cead an Coimisiúin chuige roimhré. Baineann an Riail seo le gach Moltóir agus Múinteoir cláraithe is cuma cén áit a bhfuil conaí orthu.

13. Dalta ar bith a aistrítear, ar chúinse ar bith, ó rang múinteora cláraithe amháin go dtí rang múinteora cláraithe eile níl cead aige/aici bheith ina iomathóir ar chomórtas rince go ceann sé mí féilire tar éis 1 Éanair nó 1 Iúil pé data is túisce, i ndiaidh an dáta a bhfuarthas fios an aistrithe ag Rúnaí an Choimisiúin. Is féidir go gcuirfeadh an Coimisiún, ar a dhiscréid féin, an Riail seo ar fionraí i dtosca áirithe.

14. Ní bheidh cead ag Múinteoir cláraithe eile dalta a chur isteach ar chomórtas rince cláraithe má tá an dalta sin ag múineadh ranga rince aonair nach bhfuil fé stiúrú an mhúinteora réamhráite.

15. I gcomórtas rince ar bith a ngabhann uasteora aoise níos airde ná 11 bliain leis ní bheidh cead ag iomathóirí buachaill buimpéisí nó bróga eadtroma dá shaghas a chaitheamh.

16. Má tharlaíonn cás ar bith ná fuil rialú annseo ina chóir is é an Choimisiún a socróidh é de réir tearmaí a mBunreachta. Ní bheidh dúl ó bhreith an Choimisiúin i gcás ar bith.

17. Sa limistéar atá faoi cheannas Chomhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge is ag fochoiste ceadaithe ag an Choimisiúin a bheidh gach comhacht agus údaras a thugtar don Choimisiún faoi Rialacha 1,2,3,6,7,8,9,10,11,12, agus 13 anseo, agus faoi riail 4 ach amháin sa mhéid a bhaineas le Oireachtas an Rince agus le Craobh na hÉireann chomh fada agus a bhaineas na rialacha san le Múinteoirí agus le Moltóirí a bhfuil cónaí orthu sa Limistéar sin agus le comórtaisí a riartar agus a thionóltar sa Limistéar sin.

*************